

# ACER



Agency for the Cooperation  
of Energy Regulators



An  
Ghníomhaireacht  
um Chomhoibriú  
na Rialtóirí  
Fuinnimh



## Oibrimid i dtreo Margadh Inmheánach Fuinnimh iomaíoch, inbhuanaithe, slán agus trédhearcach chun leasa tomhaltóirí uile an AE.

An misean foriomlán atá ag ACER ná cuidiú le húdaráis rialála fuinnimh náisiúnta (NRAanna) a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar leibhéal AE agus comhordú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí nuair is cuí.

Comhoibríonn ACER le páirtithe leasmhara agus institiúidí AE, go háirithe NRAanna agus Líonraí Eorpacha um Oibreoirí Chórais Tarchurtha (ENTSOanna), d'fhonn sraith ionstraimí a sheachadadh do chomhlánú margaidh fuinnimh shingil an AE.

Cruthaíodh an Ghníomhaireacht faoin Tríú Pacáiste Fuinnimh, sraith treoracha agus rialachán a tháinig i bhfeidhm in 2011. Ó shin i leith tá breis freagrachtaí faighte ag ACER i ndáil le maoirseacht an mhargaidh fuinnimh mórdhíola faoin Rialachán ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh (REMIT) arna ghlacadh in 2011.

Bunaithe in 2011

Lonnaithe i Ljubljana, an tSlóivéin

An trí phríomhréimse ar a ndíríonn gníomhartha ACER ná:

- Tacú le forbairt tionscnamh agus rialacha coitinn: eisiúnn ACER treoirlínte creata a fheidhmíonn mar bhonn ansin d'fhorbairt líonra cód uile-Eorpaigh le haghaidh úsáide na n-imreoirí margaidh uile. Lena chois sin comhordaíonn ACER Tionscnaimh Réigiúnacha atá ina n-iarrachtaí coincreíte ar leibhéal réigiúnach i dtreo breis chomhtháthaithe margaidh;
- Infreastuchtúr fuinnimh: eisiúnn ACER tuairimí ar phleananna forbartha líonra deich-mbliana agus é ar intinn a chinntiú go bhfuil siad seo i gcomhréir le tosaíochtaí atá leagtha ar leibhéal AE;
- Monatóireacht an mhargaidh fuinnimh: tá misean ginearálta ag ACER i dtéarmaí monatóireachta margaidh agus freagracht rí-shainiúil i ndáil le trádáil fuinnimh mórdhíola.